

Scrúduimhir
Examination Number



Coimisiún na Scrúduithe Stáit State Examinations Commission

SCRÚDÚ na hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006
LEAVING CERTIFICATE EXAMINATION, 2006

FRAINCIS — ARDLEIBHÉAL
FRENCH — HIGHER LEVEL

TRIAIL CHLUASTUISCEANA (80 marc)
LISTENING COMPREHENSION TEST (80 marks)

DÉ MÁIRT, 13 MEITHEAMH, 12.10 go dtí 12.50
TUESDAY, 13 JUNE, 12.10 to 12.50

STAMPA AN IONAIID
(Centre Stamp)

ROINN I	
ROINN II	
ROINN III	
ROINN IV	
ROINN V	
Iomlán	

N.B. Bíodh do fhreagraí as Gaeilge, ach ní gá go mbeadh siad i bhfoirm abairtí iomlána.
Tá cead agat leithead iomlán an leathanaigh a úsáid do na freagraí.

N.B. Questions to be answered in English, not necessarily in complete sentences. *You may use the full width of the page when answering.*

ROINN I

SECTION I

Cloisfidh tú agallamh le Jamel Debbouze, duine de na fir ghrinn óga is mó aithne sa Fhrainc.

You will hear an interview with Jamel Debbouze, one of France's best known young comedians.

Cloisfidh tú an t-ábhar **trí huaire**, an chéad uair ó thosach deireadh, ansin **i dtrí mhír** a mbeidh sos eatarthu, agus ansin arís ó thosach deireadh.

You will hear the material **three** times: first right through, then in **three segments** with pauses and finally right through again.

1. (a) Cad a deir Jamel faoin seal a chaith sé ar scoil?

1. (a) What does Jamel say about his time in school?

(b) Cad a rinne Jamel ag aois a ceathair déag?

(b) What did Jamel do at the age of 14?

2. Cén rud a bhfuil eagla ar Jamel roimhe?

2. Of what is Jamel afraid?

3. Conas a éiríonn le Jamel a bheith stuama?

3. How does Jamel keep his feet on the ground?

ROINN II

SECTION II

Cloisfidh tú Laure Cailloce, saineolaí ar theangacha.

You will hear Laure Cailloce, an expert on languages.

Cloisfidh tú an t-ábhar **trí huair**e, an chéad uair ó thosach deireadh, ansin **i gceithre mhír** a mbeidh sos eatarthu, agus ansin arís ó thosach deireadh.

The material will be played **three** times: first right through, then in **four segments** with pauses and finally right through again.

1. De réir Laure, cad a thitfidh amach faoi dheireadh an chéid?

1. According to Laure, what will happen by the end of the century?

2. Conas, de réir Laure, a tharlaíonn go n-éiríonn le teanga amháin teanga eile a dhíbirt? (**Dá** phointe)

2. How, according to Laure, might one language replace another? (**Two** points)

(a)

(b)

3. (a) Ainmnigh gné **amháin** a chailltear go deo má théann teanga in éag.

3. (a) Name **one** feature that is lost for ever if a language dies out.

(b) Cad a deirtear linn faoi phobail áirithe ó réigiún an Aigéin Chiúin?

(b) What are we told about certain peoples of the Pacific region?

4. (a) Cad leis a bhfuil gach teanga ceangailte go dlúth?

4. (a) To what is every language closely linked?

(b) Corsaicis, Briotáinis, Bascais: Cad é stádas reatha na dteangacha seo sna scoileanna Francacha?

(b) What is the current position of the Corsican, Breton, and Basque languages in French schools?

ROINN III

SECTION III

Tá Hélène agus Bertrand ag caint faoi bhreithlá a n-athar a bheidh ann go luath.

Hélène and Bertrand are discussing their father's forthcoming birthday.

Cloisfidh tú an t-ábhar **trí huairé**, an chéad uair ó thosach deireadh, ansin **i dtrí mhír** a mbeidh sos eatarthu, agus ansin arís ó thosach deireadh.

The material will be played **three** times: first right through, then in **three segments** with pauses and finally right through again.

1. (a) Deir Bertrand go bhfuil an breithlá ag teacht go míthráthúil. Cén fáth?

1. (a) Bertrand says that the birthday is coming at a bad time. Why?

(b) Cén fáth a molann Bertrand fón póca mar bhronntanas? Tabhair **cúis** amháin.

(b) Give **one** reason why Bertrand suggests a mobile phone as a present.

2. (a) Cén fáth nach n-aontaíonn Hélène lena rogha? (Pointe **amháin**)

2. (a) Why does Hélène disagree with his choice? (**One** point)

(b) Cén chomhairle a thugann Hélène do Bertrand?

(b) What advice does Hélène give Bertrand?

3. (a) Cén fáth a gceapann a máthair go bhfuil an moladh a dhéanann Hélène go maith?

3. (a) Why does their mother think that Hélène's suggestion is a good idea?

(b) Cad a iarrann Bertrand ar a dheirfiúr a dhéanamh?

(b) What does Bertrand ask his sister to do?

ROINN IV

Cloisfidh tú agallamh le Nathalie Kosciusco-Morizet, an teachta is óige de Chomhthionól Náisiúnta na Fraince.

Cloisfidh tú an t-ábhar **trí huaire**, an chéad uair ó thosach deireadh, ansin **i gceithre mhír** a mbeidh sos eatarthu, agus ansin arís ó thosach deireadh.

1. Cén rud nár chóir do mhná glacadh leis feasta?

2. (a) Ceapann Nathalie gur leasc le mná dul isteach sa pholaitíocht. Tabhair cúis **amháin** lena tuairim.

(b) Cén fáth, de réir Nathalie, a rachaidh sé dian ar fhear céile glacadh le bean atá sáite sa pholaitíocht? Tabhair **dhá** chúis.

(i) _____

(ii) _____

3. Ainmnigh **dhá** ghné de shaol na polaitíochta, ceann amháin **diúltach**, ceann amháin **dearfach**.

diúltach / negative _____

dearfach / positive _____

4. Cén teachtaireacht a thugann Nathalie do mhná?

SECTION IV

You will hear an interview with Nathalie Kosciusco-Morizet, the youngest member of France's National Assembly.

The material will be played **three** times: first right through, then in **four segments** with pauses and finally right through again.

1. What should women no longer accept?

2. (a) Give **one** reason why Nathalie thinks women are put off entering politics.

(b) Why, according to Nathalie, might a husband find it difficult to accept a wife who is involved in politics? Give **two** reasons.

3. Name **two** features of the political world, one **negative**, one **positive**.

4. What message does Nathalie give to women?

THALL →
OVER →

ROINN V

SECTION V

Cloisfidh tú gach ceann de **thrí** mhír nuachta **faoi dhó**.

You will hear each of **three** news items **twice**.

1. (a) Cén sport atá luaite sa mhír nuachta seo?

1. (a) What sport is mentioned in this news item?

(b) Cén tír ar imir foireann na Fraince ina coinne sa chluiche leathcheannais?

(b) Which country did the French team play in the semi-final?

2. Conas a gortaíodh an déagóir?

2. How was the teenager injured?

3. Cén fáth ar gabhadh an bheirt?

3. Why were the two people arrested?

CRÍOCH

END